V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11028 — THE HANWHA GROUP / DAEWOO SHIPBUILDING MARINE ENGINEERING)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 98/05)

1. An 9 Márta 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— An Hanwha Group, ("the Hanwha Group", an Chóiré Theas), atá faoi rialú deiridh theaghlach Seung Youn Kim,

— Daewoo Shipbuilding Marine Engineering Co., Ltd ("DSME", an Chóiré Theas), atá faoi rialú a scairshealbhóra tromlaigh, an Korea Development Bank.

Gheobhaidh an Hanwha Group rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar DSME.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá an Hanwha Group, ina bhfuil (i) Hanwha Corporation agus (ii) Hanwha Energy chomh maith lena chleamhnaithe ([2]) faoi seach, bunaithe sa Chóiré Theas. Tá an Hanwha Group á rialú ag teaghlach Seung Youn Kim (de bhun dhlí na Cóiré Theas a bhaineann le grúpaí chaebol atá á rith ag teaghlaigh). Tá an Hanwha Group gníomhach san aeraspás agus sa mheicitreonaic; táirgí agus ábhair cheimiceacha; fuinneamh gréine, fuinneamh in-athnuaite agus réitigh fuinnimh; seirbhísí airgeadais; foirgníocht, fóillíocht agus stíl mhaireachtála.

— Is cuideachta longthógála agus bonneagair aigéin de chuid na Cóiré Theas é DSME. Monaraíonn DSME réimse leathan soithí tráchtála agus soláthraíonn sé táirgí foirgníochta a bhaineann le saoráidí eischósta. Ina theannta sin, déanann DSME longa cabhlaigh agus speisialtachta amhail fomhuireáin agus longa dromchla a dhearadh agus a thógáil le haghaidh úsáid mhíleata.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

([2]) (i) Déanann Hanwha Corporation, atá á rialú ag teaghlach SYK, rialú ar roinnt cuideachtaí lena n-áirítear na heintitis éadála: Hanwha Aerospace Co. Ltd. agus Hanwha Systems Co. Ltd., agus (ii) Hanwha Energy, atá faoi lánúinéireacht theaghlach SYK, rialaíonn sé roinnt cuideachtaí lena n-áirítear na heintitis éadála: Hanwha Convergence Co. Ltd., Hanwha Impact Partners Inc., Hanwha Energy Corporation Singapore Pte. Ltd.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([3]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11028 — THE HANWHA GROUP / DAEWOO SHIPBUILDING MARINE ENGINEERING

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([3]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.